



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022
(OR. en)

15963/22

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0371(COD)**

**ECOFIN 1324
RELEX 1725
NIS 39
FIN 1352
COEST 917
CODEC 2000**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 738 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Seasamh na Comhairle maidir le glacadh Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 738 final.

Faoi iamh: COM(2022) 738 final



An Bhruiséal, 12.12.2022
COM(2022) 738 final

2022/0371 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

Seasamh na Comhairle maidir le glacadh Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

Seasamh na Comhairle maidir le glacadh Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +)

1. CÚLRA

An dáta a tarcuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2022) 597 final – 2022/0371 COD): 9.11.2022.

Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: 24.11.2022.

An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: 10.12.2022.

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Bhí sé d'aidhm ag an togra ón gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le cur chuige struchtúrach agus éifeachtúil i leith thacaíocht airgeadais an Aontais don Úcráin in 2023.

Chun bonn taca fóna airgeadais a áirithiú, mhol an Coimisiún gur cheart ‘lámháil’, mar a thugtar air, a bheith ina ráthú d’iasachtaí don Úcráin, i.e. an spás buiséadach os cionn uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) suas go dtí na teorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053, maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh. Ag gabháil leis sin bhí an togra comhthreomhar maidir le leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093¹ (leasú ar Rialachán CAI) chun go bhféadfaí caitheamh le dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as cúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil don Úcráin in 2023, agus go bhféadfaí eisíocaíochtaí a dhéanamh go dtí an 31 Márta 2024, ar an gcaoi chéanna le caitheamh le cúnamh airgeadais do na Ballstáit, i.e. a bheith in ann an ráthaíocht le haghaidh cúnamh airgeadais don Úcráin a shlógadh de bhreis ar uasteorainneacha CAI.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Níor glacadh go fóill an togra comhthreomhar le haghaidh leasú ar Rialachán CAI lena gceadaítear iasacht a ráthú don Úcráin trí úsáid a bhaint as an lámháil. Dá bhrí sin, molann an

¹ Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

Chomhairle cumhdach buiséadach malartach ar an iasacht trí ráthaíochtaí deonacha ó na Ballstáit. Ag an am céanna, an cumhdach buiséadach tríd an lamháltas, d'fhéadfadh é a dhéanamh ó dháta chur i bhfeidhm an leasaithe ar Rialachán CAI, nó ar a chomharba, a luaithe a ghlacfar é.

Tacaíonn an Coimisiún le tabhairt isteach na rialacha sin mar bhonn buiséadach inmharthana chun go bhféadfar suas le EUR 18 000 000 000 a eisíoc de réir a chéile in iasachtaí MFA+ don Úcráin i ndáil le teacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe ráthaíochta idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.